# Treoirlínte do Chuairteoirí

Fáilte go Toraigh. Tá an oileán mar bhaile ag pobal gaeltachta ar a bhfuil clú agus cáil bainte amach acu mar gheall ar a gcuid ceoil, a gcuid péintéireachta agus a gcuid scéalaíochta. Chomh maith leis seo, is áit fíor-thabhachtach í don fhiadhúlra. Faoi Dhlí na hEorpa, tá an oileán leagtha amach mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is Limistéar Chaomhantais Speisialta faoi rialtas na hÉireann cósta an oileáin. Tá an Traonach, éan atá i gcontúirt imeacht in éag sa tír seo, fairsing go leor ar an oileán go fóill.

Tá Toraigh mar bhaile ag go leor éanacha eile atá i mbaol, mar shampla Cág Cosdearg, Pilibín agus Fuiseog. San earrach agus san Fhómhar tagann éanacha imirce i radharc talún. Bíonn Liamháin Gréine, Míolta móra agus Mucanna mara le feiceail amach ón chósta. Bíonn rónta go minic sna cuanta. Tá Deilf atá "Dougie" mar leas-ainm air ina chónaí taobh le Toraigh ó bhí 2006 ann. Is minic a bhíonn sé ag snámh i gcuideachta an bhád farantóireachta.

Le blianta beaga anuas, tá líon na dTraonach ag laghdú. San am chéanna, tá líon na gcuairteoirí ag méadú. Tá sé tabhachtach nach gcuireann sé seo isteach ar an fhiadhúlra. Níl Oileán Thoraigh iontach mór agus is furast do chuairteoirí cur isteach ar éanacha nide i ngan fhios dóibh fhéin. Go minic, bíonn na neadacha seo i bhfólach agus is furast seasamh orthú. Bíonn ceantair áirithe ag a lán éanacha i séasúr an ghoir agus tá sé thar a bheith tábhachtach nach mbíonn siad scanraithe chun siúil. Má tharlaíonn seo, tá seans ann go n-imeodh an t-éan ag fágáil na h-uibheacha nó na h-éanacha óga gan chosaint ó éanacha creiche m.s. Préacháin, Faoileáin nó Meirligh.

Tá an chuid is mó den talamh i dToraigh faoi úinéireacht phríobháideach. Tá na cuibhreainn faoi choimhead ar mhaithe leis an Traonach. Tá seo déanta i gcomhaontú le Birdwatch Ireland. Ciallaíonn sé seo go mbíonn féar fada ann go deireadh an t-samhraidh le foscadh a thabhairt do na h-éanacha agus caithfear a bheith cúramach gan a bheith ag cur isteach ar na h-éanacha. Tá an traonach iontach faiteach agus is maith leis fanacht i bhfólach. Sin an dóigh is fearr ar mhaithe le nead a thógail.

## Bheadh muid buíoch dá dtiocfadh le cuairteoirí na treoracha seo a leanas a choinneál i gcuimhne.

- Coinnigí madaidh ar téad i gcónaí.
- Fanaigí ar an chosán oiread agus is féidir. Más gá an cosán a thréigean, bígí airdeallach cá h-áit a leagfar bhur gcosa.
- Coinnigí siar ó bhruach na h-aille. Tá creimeadh cósta go h-olc in áiteacha.
- Ná gabhaigí ró-chongárach do éanacha nide. Má scanraítaer éan, sea saigí siar.
- Bíodh meas agaibh ar phríobháideachas mhuintir an oileáin agus sibh ag glacadh grianghrafanna.
- Coinnigí Toraigh slachtmhar glan. Bainigí úsáid as na boscaí bruscair, nó más féidir tugaigí an bruscar ar ais abhaile libh.

An Action of the County Donegal Heritage Plan (2007-2011)
Funded by Donegal County Council, The Heritage Council and BirdWatch Ireland

# Treoirlínte do Chuairteoirí

Fáilte go Toraigh. Tá an oileán mar bhaile ag pobal gaeltachta ar a bhfuil clú agus cáil bainte amach acu mar gheall ar a gcuid ceoil, a gcuid péintéireachta agus a gcuid scéalaíochta. Chomh maith leis seo, is áit fíor-thabhachtach í don fhiadhúlra. Faoi Dhlí na hEorpa, tá an oileán leagtha amach mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is Limistéar Chaomhantais Speisialta faoi rialtas na hÉireann cósta an oileáin. Tá an Traonach, éan atá i gcontúirt imeacht in éag sa tír seo, fairsing go leor ar an oileán go fóill.

Tá Toraigh mar bhaile ag go leor éanacha eile atá i mbaol, mar shampla Cág Cosdearg, Pilibín agus Fuiseog. San earrach agus san Fhómhar tagann éanacha imirce i radharc talún. Bíonn Liamháin Gréine, Míolta móra agus Mucanna mara le feiceail amach ón chósta. Bíonn rónta go minic sna cuanta. Tá Deilf atá "Dougie" mar leas-ainm air ina chónaí taobh le Toraigh ó bhí 2006 ann. Is minic a bhíonn sé ag snámh i gcuideachta an bhád farantóireachta.

Le blianta beaga anuas, tá líon na dTraonach ag laghdú. San am chéanna, tá líon na gcuairteoirí ag méadú. Tá sé tabhachtach nach gcuireann sé seo isteach ar an fhiadhúlra. Níl Oileán Thoraigh iontach mór agus is furast do chuairteoirí cur isteach ar éanacha nide i ngan fhios dóibh fhéin. Go minic, bíonn na neadacha seo i bhfólach agus is furast seasamh orthú. Bíonn ceantair áirithe ag a lán éanacha i séasúr an ghoir agus tá sé thar a bheith tábhachtach nach mbíonn siad scanraithe chun siúil. Má tharlaíonn seo, tá seans ann go n-imeodh an t-éan ag fágáil na h-uibheacha nó na h-éanacha óga gan chosaint ó éanacha creiche m.s. Préacháin, Faoileáin nó Meirligh.

Tá an chuid is mó den talamh i dToraigh faoi úinéireacht phríobháideach. Tá na cuibhreainn faoi choimhead ar mhaithe leis an Traonach. Tá seo déanta i gcomhaontú le Birdwatch Ireland. Ciallaíonn sé seo go mbíonn féar fada ann go deireadh an t-samhraidh le foscadh a thabhairt do na h-éanacha agus caithfear a bheith cúramach gan a bheith ag cur isteach ar na h-éanacha. Tá an traonach iontach faiteach agus is maith leis fanacht i bhfólach. Sin an dóigh is fearr ar mhaithe le nead a thógail.

## Bheadh muid buíoch dá dtiocfadh le cuairteoirí na treoracha seo a leanas a choinneál i gcuimhne.

- Coinnigí madaidh ar téad i gcónaí.
- Fanaigí ar an chosán oiread agus is féidir. Más gá an cosán a thréigean, bígí airdeallach cá h-áit a leagfar bhur gcosa.
- Coinnigí siar ó bhruach na h-aille. Tá creimeadh cósta go h-olc in áiteacha.
- Ná gabhaigí ró-chongárach do éanacha nide. Má scanraítaer éan, sea saigí siar.
- Bíodh meas agaibh ar phríobháideachas mhuintir an oileáin agus sibh ag glacadh grianghrafanna.
- Coinnigí Toraigh slachtmhar glan. Bainigí úsáid as na boscaí bruscair, nó más féidir tugaigí an bruscar ar ais abhaile libh.

An Action of the County Donegal Heritage Plan (2007-2011)
Funded by Donegal County Council, The Heritage Council and BirdWatch Ireland

# Treoirlínte do Chuairteoirí

Fáilte go Toraigh. Tá an oileán mar bhaile ag pobal gaeltachta ar a bhfuil clú agus cáil bainte amach acu mar gheall ar a gcuid ceoil, a gcuid péintéireachta agus a gcuid scéalaíochta. Chomh maith leis seo, is áit fíor-thabhachtach í don fhiadhúlra. Faoi Dhlí na hEorpa, tá an oileán leagtha amach mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is Limistéar Chaomhantais Speisialta faoi rialtas na hÉireann cósta an oileáin. Tá an Traonach, éan atá i gcontúirt imeacht in éag sa tír seo, fairsing go leor ar an oileán go fóill.

Tá Toraigh mar bhaile ag go leor éanacha eile atá i mbaol, mar shampla Cág Cosdearg, Pilibín agus Fuiseog. San earrach agus san Fhómhar tagann éanacha imirce i radharc talún. Bíonn Liamháin Gréine, Míolta móra agus Mucanna mara le feiceail amach ón chósta. Bíonn rónta go minic sna cuanta. Tá Deilf atá "Dougie" mar leas-ainm air ina chónaí taobh le Toraigh ó bhí 2006 ann. Is minic a bhíonn sé ag snámh i gcuideachta an bhád farantóireachta.

Le blianta beaga anuas, tá líon na dTraonach ag laghdú. San am chéanna, tá líon na gcuairteoirí ag méadú. Tá sé tabhachtach nach gcuireann sé seo isteach ar an fhiadhúlra. Níl Oileán Thoraigh iontach mór agus is furast do chuairteoirí cur isteach ar éanacha nide i ngan fhios dóibh fhéin. Go minic, bíonn na neadacha seo i bhfólach agus is furast seasamh orthú. Bíonn ceantair áirithe ag a lán éanacha i séasúr an ghoir agus tá sé thar a bheith tábhachtach nach mbíonn siad scanraithe chun siúil. Má tharlaíonn seo, tá seans ann go n-imeodh an t-éan ag fágáil na h-uibheacha nó na h-éanacha óga gan chosaint ó éanacha creiche m.s. Préacháin, Faoileáin nó Meirligh.

Tá an chuid is mó den talamh i dToraigh faoi úinéireacht phríobháideach. Tá na cuibhreainn faoi choimhead ar mhaithe leis an Traonach. Tá seo déanta i gcomhaontú le Birdwatch Ireland. Ciallaíonn sé seo go mbíonn féar fada ann go deireadh an t-samhraidh le foscadh a thabhairt do na h-éanacha agus caithfear a bheith cúramach gan a bheith ag cur isteach ar na h-éanacha. Tá an traonach iontach faiteach agus is maith leis fanacht i bhfólach. Sin an dóigh is fearr ar mhaithe le nead a thógail.

## Bheadh muid buíoch dá dtiocfadh le cuairteoirí na treoracha seo a leanas a choinneál i gcuimhne.

- Coinnigí madaidh ar téad i gcónaí.
- Fanaigí ar an chosán oiread agus is féidir. Más gá an cosán a thréigean, bígí airdeallach cá h-áit a leagfar bhur gcosa.
- Coinnigí siar ó bhruach na h-aille. Tá creimeadh cósta go h-olc in áiteacha.
- Ná gabhaigí ró-chongárach do éanacha nide. Má scanraítaer éan, sea saigí siar.
- Bíodh meas agaibh ar phríobháideachas mhuintir an oileáin agus sibh ag glacadh grianghrafanna.
- Coinnigí Toraigh slachtmhar glan. Bainigí úsáid as na boscaí bruscair, nó más féidir tugaigí an bruscar ar ais abhaile libh.

An Action of the County Donegal Heritage Plan (2007-2011)
Funded by Donegal County Council, The Heritage Council and BirdWatch Ireland

# Faire éan ar Oileán Thoraí




## Aiteacha Suimiúla

1 An Chros Tau
2 An Cloigtheach/ Rothar ar cíos
3 Moisheoear (Tuama – Créatóg Naofa)
4 An Caifé
5 Club Sóisialta
6 Teach Solais
7 Bothán Derek Hill
8 Óstán Thoraí
9 Teach Pobail Cholm Cille
10 Siopa
11 Gailearaí Dixon
12 An Toirpéadó (Dara Cogadh Domhanda)
13 Dún Bhaloir
14 Leac na Leannán



Puifín

Faire éan ar Oileán Thoraí



Aiteacha Suimiúla

1 An Chros Tau
2 An Cloigtheach/ Rothar ar cíos
3 Moisheoear (Tuama – Créatóg Naofa)
4 An Caifé
5 Club Sóisialta
6 Teach Solais
7 Bothán Derek Hill
8 Óstán Thoraí
9 Teach Pobail Cholm Cille
10 Siopa
11 Gailearaí Dixon
12 An Toirpéadó (Dara Cogadh Domhanda)
13 Dún Bhaloir
14 Leac na Leannán



Puifín

Faire éan ar Oileán Thoraí



Aiteacha Suimiúla

1 An Chros Tau
2 An Cloigtheach/ Rothar ar cíos
3 Moisheoear (Tuama – Créatóg Naofa)
4 An Caifé
5 Club Sóisialta
6 Teach Solais
7 Bothán Derek Hill
8 Óstán Thoraí
9 Teach Pobail Cholm Cille
10 Siopa
11 Gailearaí Dixon
12 An Toirpéadó (Dara Cogadh Domhanda)
13 Dún Bhaloir
14 Leac na Leannán



Puifín